



Taighde ar úsáid na Gaeilge ar an raidió (Céim a Dó)

Samhain 2018

Dr John Walsh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Dr Rosemary Day, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh

Dr Philip Fogarty, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

1. Réamhrá

1.1 Aidhmeanna agus Cúlra

Is éard atá sa pháipéar seo Céim a Dó de thionscadal leanúnach taighde faoin soláthar cláracha Gaeilge ar gach stáisiún raidió ceadúnaithe ar AM/FM sa stát, seachas na stáisiúin a chraolann go hiomlán i nGaeilge. Foilsíodh tuarascáil ar Chéim a hAon den tionscadal ar an soláthar Gaeilge le linn 2017 in Eanáir 2018 (Walsh & Day, 2018b). Eascraíonn an tionscadal seo as an easpa eolais atá ar fáil faoi chláracha raidió i nGaeilge in Éirinn. Creidimid gur gá aghaidh a thabhairt go leanúnach ar an easnamh sin. San áireamh sna riachtanais chumarsáide atá ag cainteoirí Gaeilge tá meáin chumarsáide ina dteanga féin, stáisiúin raidió san áireamh agus tá soláthar cláracha Gaeilge i measc na ndualgas reachtúil a leagtar ar gach craoltóir Éireannach, go háirithe RTÉ. Tá forálacha sonracha faoin nGaeilge san Acht Craolacháin 2009 (Oireachtas Éireann, 2009) agus i measc cuspóirí straitéiseacha Údarás Craolacháin na hÉireann tá cothú agus cur chun cinn cláracha ardchaighdeáin i nGaeilge (ÚCÉ, 2017).

Bhí ról ag an nGaeilge i gcúrsaí craolacháin ó bunaíodh an chéad stáisiún raidió Éireannach, 2RN, in 1926. Shamhlaigh bunaitheoirí an stáit go mbeadh ról suntasach ag an raidió i bhforbairt na féiniúlachtaí Éireannaí mar chuid de thógáil an náisiúin (Watson, 2003; Pine, 2002; Day, 2012). Cuireadh stáisiún Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí le chéile in 1933 agus bhí lucht éisteachta náisiúnta ábalta cláracha Gaeilge a chloisteáil den chéad uair a bhuíochas le tarchuradóir ardchumhachta in Áth Luain. Cé gur gealladh seirbhís ar leith don Ghaeltacht in 1926, níor tháinig an stáisiún sin ar an bhfód go dtí 1972 nuair a bunaíodh Raidió na Gaeltachta (Day, 2012). Craoltar roinnt Gaeilge ar na stáisiúin eile de chuid RTÉ ach mar chraoltóir lánaimseartha náisiúnta, is é RTÉ Raidió na Gaeltachta a chuireann formhór na gcláracha Gaeilge sa tír ar fáil. Mar thoradh ar an Acht Raidió agus Teilifíse 1988, cuireadh den aer na stáisiúin bhradacha a d'éirigh an-choitianta le linn na 1970í agus na 1980í agus tugadh ceadúnais do chraoltóirí nua tráchtála. Ní raibh ach ról imeallach ag an

nGaeilge i sceidil na stáisiún nua a chuaigh i mbun craolta ó 1989 i leith. Mar thoradh ar fheachtas ag gníomhairí teanga i mBaile Átha Cliath, bunaíodh Raidió na Life in 1993 mar sheirbhís sainspéise do phobal na Gaeilge san ardchathair (Ó Drisceoil, 2007).

Tosaíonn an tuarascáil seo le léargas ar na forálacha reachtúla agus polasaí a bhaineann le craoltóireacht na Gaeilge. Mínítear an mhodheolaíocht ina dhiaidh sin agus ar deireadh cuirtear na torthaí ar fáil sa téacs agus i dtábla. Meabhraítear don léitheoir go bhfágтар cuid 2 agus 3 thíos mórán mar a bhí siad i dtuarascáil 2017 toisc nár athraigh an t-eolas den chuid is mó. Is iad na haidhmeanna atá leis an tionscadal fadaimseartha seo tuiscint a fháil ar thaithí bainisteoirí raidió ar chláracha Gaeilge, tionscnaimh dhearfacha agus dúshlán a bhaineann leis na cláracha sin a aithint agus, ar deireadh, dul i bhfeidhm ar pholasaí ionas tacú níos mó leis na stáisiúin tuilleadh cláracha Gaeilge a dhéanamh. Tá súil againn anailís mar sin a fhorbairt de réir mar a bheidh acmhainní ar fáil.

Ba mhaith leis na húdair buíochas a ghabháil le Conradh na Gaeilge as maoiniú a chur ar fáil do Chéim a Dó den taighde seo mar chuid de bhuiséad Bhliain na Gaeilge 2018. Aithnímid an tacaíocht airgeadais ó Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chomh maith.

1.2 Tionchar Chéim a hAon

Foilsíodh tuarascáil Chéim a hAon (2017) ar shuíomh idirlín an Audio Research Centre, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh ar 11 Eanáir 2018 (féach <https://audioresearchcentre.wordpress.com/research/>). Clúdaíodh sna meáin chumarsáide í agus bhí tuairiscí i mBéarla ar *The Irish Times* (Cantillon, 2018), *The Irish Examiner* (Baker, 2018) agus ar an stáisiún raidió pobail NEAR FM (Day, 2018). Rinneadh cur síos i nGaeilge ar an tuarascáil ar Tuairisc.ie (Ó Gairbhí, 2018a), RTÉ Raidió na Gaeltachta (Walsh, 2018b) Nuacht RTÉ/TG4 (Walsh, 2018d) agus BBC Raidió Uladh (Walsh, 2018c). Spreag an tuarascáil freagraí ó roinnt craoltóirí, cuid acu diúltach. Mar thoradh ar fhoilsiú na tuarascála, thug Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán de chuid an Oireachtais cuireadh do John Walsh agus Rosemary Day na torthaí a chur i láthair i dTeach Laighean ar 1 Bealtaine 2018 (Oireachtas Éireann, 2018b; féach an tuairisc ag McGee, 2018). Léirigh na teachtaí a bhí ann spéis sa chur i láthair agus dúirt gur mhaith leo go gcuirfí na moltaí i bhfeidhm. Fuair an cur i láthair clúdach sna meáin chumarsáide (Walsh & Day, 2018a). Ina dhiaidh sin, thug an Coiste cuireadh d'ionadaithe ó Údarás Craolacháin na hÉireann freagra a thabhairt ar an taighde ag cur i láthair ar 29 Bealtaine (Oireachtas Éireann, 2018a). Ar 10 Iúil, bhuail ionadaithe ó Chonradh na Gaeilge le hionadaithe sinsearacha ón Údarás Craolacháin chun an tuarascáil a phlé agus chun tacaíocht bhreise a iarraidh do chláracha raidió i nGaeilge. Chuir John Walsh achoimre den tuarascáil chuig an Údarás mar chuid dá chomhairliúchán ar an *Dréachtstraitéis um Sheirbhísí Craolacháin* a bhí ar oscailt ó 24 Aibreán go dtí 19 Meitheamh. Rinneadh tagairt ghearr don Ghaeilge i réamhrá na *Dréachtstraitéise* nuair a

scríobhadh go ndéanfaí an méid seo a leanas: ‘Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin athbhreithnithe a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú ina leantar ag éascú beartas agus pleananna ceadúnaithe dinimice agus a thacaíonn le cruthaitheacht agus nuálaíocht san earnáil closamhairc Ghaeilge agus i ngníomhaíochtaí an BAI ar fad’ (ÚCÉ, 2018b: 2). Pléitear an *Straitéis* féin ag pointe a 3 thíos.

2. Frámaíocht reachtúil

Tá an tÚdarás Craolacháin agus a réamhtheachta, an Coimisiún um Raidió agus Teilifís Neamhspleách, ag feidhmiú faoi achtanna éagsúla craolacháin ó 1988. Is é an tAcht Craolacháin 2009 an reachtaíocht uileghabhálach is mó a bhaineann le hábhar faoi láthair. Cuimsítear san Acht sin forálacha sonracha faoin nGaeilge a bhaineann le dualgais an Údaráis féin agus le dualgais na gcraoltóirí. Leagtar na ceanglais is suntasaí ar na craoltóirí poiblí (RTÉ agus TG4) ach tá an Ghaeilge i measc na gcritéar a ndéanfar measúnú orthu nuair a bheifear ag measúnú iarratais ar cheadúnas do sheirbhís raidió neamhspleách.

Tá comhdhéanamh an Údaráis Craolacháin féin, na coistí reachtúla a thagann faoina scáth agus a chuid cuspóirí clúdaithe in Ailt a 9 agus a 25 den Acht (Oireachtas Éireann, 2009). In Alt 9 (1), tá forbairt na Gaeilge agus na Gaeltachta i measc na réimsí saineolais a mbítear ag súil leo ó chomhaltáí an Údaráis agus na gcoistí reachtúla. In Alt 25 (2) (h) faoi chuspóirí an Údaráis, scríobhtar go ndéanfaidh an tÚdarás agus na coistí ‘forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh’. Faoi alt 154 (1) den Acht, foráiltear go gcuirfidh an tÚdarás scéim faoi bhráid an Aire chun tacú le cláracha i réimsí éagsúla lena n-áirítear an Ghaeilge. ‘Fís agus Fuaim 3’ a thugtar ar na leagan is déanaí den scéim sin. Dar le hAlt 155 (1), cuimsíonn cuspóirí na scéime ‘cláir ardchaighdeáin a fhorbairt a bheith bunaithe ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann’ agus beidh cláracha Gaeilge san áireamh ansin. Faoi Alt 156 (2) foráiltear go n-íocfar 7 faoin gcéad de ghlanfháltais i leith táillí ceadúnais teilifíse tríd an scéim sin agus go ndéanfaidh an tÚdarás forbairt agus bainistiú uirthi.

Pléitear na craoltóirí neamhspleácha in Ailt 66, 67 agus 69. Baineann Alt 66 le cuid na Gaeilge den phróiseas chun ceadúnais a bhronnadh ar sheirbhísí raidió. Cuirtear in iúl in Alt 66 (2) (d) go mbeidh ‘aird’ ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí ar ‘líon, cáilíocht, réimse agus cineál na gclár Gaeilge agus méid na gclár a bhaineann le cultúr na hÉireann a bheartaítear a sholáthar’ nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh aige faoi cheadúnas. Cuirtear in iúl in Alt 66 (3) go mbeidh ‘aird ar leith aige ar bhuanú agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha’ nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh aige faoi cheadúnas i gcás ceantair a bhfuil limistéar Gaeltachta san áireamh ann.

Tá coiste reachtúil eile de chuid an Údaráis ar a dtugtar an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as aon sárú a dhéantar ar na dualgais chonartha. Baineann Alt 28 le dualgais an

Choiste um Chomhlíonadh a chinntiú go gcloífidh craoltóir le téarmaí uile a cheadúnais. Tagraíonn Alt 28 (1) (a) do dhualgas an Choiste um Chomhlíonadh monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm théarmaí agus choinníollacha an cheadúnais agus faoi fho-alt (b) leagtar freagracht ar an gCoiste a chinntiú go gcomhlíonfar na téarmaí agus na coinníollacha sin. Sna forálacha sin cuirtear san áireamh líon na gcláracha Gaeilge a aontaíodh i gconradh an stáisiúin. Tá difríocht shuntasach idir monatóireacht ghinearálta mar sin agus an dualgas sonracha a leagtar amach in Alt 29 (1) (c), a chuireann iachall ar chraoltóir a chinntiú gurb ionann nuacht agus cúrsaí reatha agus 20 faoin gcéad nó dhá uair an chloig de na cláracha idir 0700 agus 1900, na buaicamannta craolta. Mar sin féin, cé nach sainmhínítear an soláthar Gaeilge go beacht, is riachtanas reachtúil fós é a bhaineann le gach stáisiún a ndéantar staidéar air sa taighde seo.

Déantar plé ar leith san Acht ar chraoltóirí seirbhíse poiblí na hÉireann, RTÉ agus TG4. In Alt 82 (1), tá ‘nithe a bhaineann le forbairt na Gaeilge’ agus ‘gnóthaí sóisialta, oideachais nó pobail nó gnóthaí Gaeltachta’ i measc na réimsí saineolais a mbeifear ag súil leo nuair a bheidh comhalta bhord RTÉ á gceapadh. In Alt 102 (2) (b) cuirtear in iúl go bpléifear an Ghaeilge, i measc ceisteanna eile, i ráiteas bliantúil RTÉ ‘i dtaobh gealltanais feidhmíochta’. Leagann an tAcht dualgais shuntasacha i dtaobh cláracha Gaeilge ar RTÉ. Faoi Alt 114 (2) (a) scríobhtar go léireoidh RTÉ cultúr uile na hÉireann agus go mbeidh ‘aird ar leith aige ar na hairíonna a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe ar an nGaeilge’. Faoi Alt 114 (3), cuirtear in iúl go gcráolfaidh RTÉ réimse leathan cláracha i nGaeilge agus i mBéarla, nuacht agus cúrsaí reatha san áireamh (Oireachtas Éireann, 2009).

3. Frámaíocht rialála

Faoi láthair níl aon ráiteas sonracha straitéise ná cód cleachtais ag an Údarás Craolachán maidir leis an nGaeilge ach tá an cuspóir seo a leanas sa Ráiteas Straitéise is déanaí uaidh: ‘Clárúchán [sic] den scoth sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn’ (ÚCÉ, 2017: 2). Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tugann an tÚdarás an gealltanais seo:

Plean gníomhaíochta a fhorbairt, a fhorfheidhmiú agus a athbhreithniú chun tacú le hionadaíocht mhéadaithe na héagsúlachta i sochaí na hÉireann sna meáin chraolacháin le béim faoi leith ar an inscne agus ar an nGaeilge (<http://www.bai.ie/ga/maidir-linne/raiteas-strateise/>).

Sa Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin a foilsíodh le déanaí, déantar roinnt tagairtí mar fhreagra ar cheithre aighneacht ón bpobal, ceann ó John Walsh ina measc. Fógraítear gurb é seo ceann de chuspóirí an Údaráis: ‘Clár Ghaeilge d’ardchaighdeán a chothú agus a chur chun cinn agus forbairt tionscnaimh Ghaeilge a spreagadh ar fud na hearnála craolacháin’ (ÚCÉ, 2018c: 14). Deir an tÚdarás chomh maith go bhfuil sé ‘sásta cineálacha eile seirbhísí, seirbhísí nideoige raidió agus seirbhísí trí mheán na Gaeilge ina measc ... a iniúchadh’ (ibid:

15) agus go gcuirfidh a chuid pleananna ceadúnúcháin le héagsúlacht agus le hiolracht, ábhar trí Ghaeilge san áireamh (ibid: 16). Tá eolas breise faoi dhearcadh ÚCÉ i leith na Gaeilge i gcáipéis thánaisteach a ghabhann leis an Straitéis:

Ag admháil dó go bhfuil an Ghaeilge ríthábhachtach dá chuid oibre, chomhaontaigh an tÚdarás gur cheart dá chur chuige i leith lánas Gaeilge a bheith níos réamhghníomhaí agus níos tacúla. Mar sin féin, na tograí a cuireadh isteach go méadófaí gealltanais i leith na Gaeilge do chonraitheoirí craolta reatha, ní rabhadar cuí lena n-áireamh sa SSC. Ní mór don Údarás aird a thabhairt ar cheanglais Acht 2009 maidir leis sin de (ÚCÉ, 2018a: 12).

Geallann an tÚdarás chomh maith go bhforbróidh sé ‘Plean Gníomhaíochta Gaeilge ... atá le cur i ngníomh i ndeireadh 2018’ (ibid: 12). Fáiltimid roimh an ngealltanais seo a leithéid de phlean a fhorbairt mar is léir go bhfuil géarghá leis. D’fhéadfaí na moltaí atá déanta againne i ndeireadh na tuarascála seo a bheith mar chuid de, go háirithe an gá atá le cur chuige réamhghníomhach ón Údarás le cinntiú go gcothófar cláracha Gaeilge agus go gcuirfear chun cinn iad. Cé go bhfuil acmhainní teoranta ann agus go bhfuil brú ar am na foirne, is gá go ndéanfaí tosaíocht den Ghaeilge in obair an údaráis rialála ionas go n-aithneoidh na stáisiúin a ndéantar rialáil orthu gur gá dóibh breis Gaeilge a chraoladh. Rinneadh roinnt oibre i gcaitheamh na mblianta le cinntiú go mbíonn aird ag na stáisiúin ar an nGaeilge. Mar shampla, cuireadh an abairt seo a leanas san áireamh sa treoir faoi cheadúnais le haghaidh stáisiúin raidió pobail agus a bhí ar fáil ar líne suas go dtí 2016: ‘[Programme Policy] Statements will be expected to include clear commitments in relation to areas such as speech/music ratio, Irish language programming, music policy and externally-produced programmes’ (BAI, 2009: 11, ní raibh leagan Gaeilge ar fáil). Nuair a dhéantar iarratas ar cheadúnas, is gá don iarratasóir ráiteas a dhéanamh faoi líon agus cineál na gcláracha atá sé beartaithe acu a chraoladh (a) i nGaeilge agus (b) go dátheangach. Mar a chéile, foilsítear treoir le gach gairm ar cheadúnais do stáisiúin thráchtála. Ciallaíonn sé sin gur gá do na stáisiúin a dtiomantas i leith cláracha Gaeilge a shonrú sa chonradh a dhéanann siad maidir le ceadúnas craolta. Tugann sé sin deis don Údarás ceann dá chuspóirí straitéiseacha, ‘Clárúchán [sic] den scoth sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn’ a bhaint amach.

Mar chraoltóir seirbhíse poiblí, tá dualgais reachtúla ar RTÉ i leith na Gaeilge le fada an lá agus, ar aon dul leis na craoltóirí neamhspleácha, déanann an tÚdarás Craolacháin rialáil orthu faoi théarmaí an Achta Craolacháin 2009. In 2015, d’fhoilsigh RTÉ plean gnímh cúig bliana, *Meáin Ghaeilge RTÉ*, chun cur lena aschur Gaeilge. Baineann an chéad aidhm sa phlean le leathnú na Gaeilge trí sheirbhísí uile an chraoltóra:

Cuirfear leis an méid Gaeilge a chloistear ar an raidió, beidh níos mó cláracha Gaeilge agus ábhar dátheangach ar RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus RTÉ lyric fm. Cuirfidh RTÉ Raidió na Gaeltachta béim faoi leith ar an lucht éisteachta a fhairsingiú trí uilechuimsitheacht agus ábharthacht a chinntiú de réir mar a thagann athrú ar nósanna éisteachta raidió (RTÉ, 2015: 4).

Déantar cur síos ar aidhmeanna sonracha faoi fhorbairt na Gaeilge ar na seirbhísí raidió uile sa phlean agus chomh maith leis sin, geallann RTÉ go ndéanfaidh sé forbairt ar sheirbhís nua raidió don óige (RTÉ, 2015: 10). Mar sin féin, trí bliana i ndiaidh a fhoilsithe, níl aon radharc ar sheirbhís nua dá leithéid agus ní dhearnadh mórán dul chun cinn maidir leis an méid Gaeilge a chraoltar ar sheirbhísí reatha raidió RTÉ seachas RTÉ Raidió na Gaeltachta.

4. Modheolaíocht

Thosaigh Céim a Dó den taighde in Aibreán 2018 agus bhain sí leis na stáisiúin uile analógacha lánaimseartha atá faoi scáth RTÉ nó a fuair ceadúnas ón Údarás Craolacháin le craoladh ar AM/FM. Tá teorainneacha an taighde mar a chéile le tuarascáil 2017: toisc gurbh í aidhm an tsuirbhé a fháil amach cén leibhéal soláthair i nGaeilge a dhéantar go ginearálta ar an raidió, ní dhearnadh suirbhé ar stáisiúin a chraolann go hiomlán i nGaeilge.¹ Níor cuireadh san áireamh stáisiúin a chraolann ar líne nó ar DAB amháin,² stáisiúin a bhfuil conarthaí soláthair ábhair acu,³ stáisiúin pháirtaimseartha ná stáisiúin lasmuigh den stát.⁴ Chomh maith leis sin, chinneamar gan stáisiúin in ospidéal (stáisiúin institiúideacha) a chur san áireamh toisc iad a bheith beag agus toisc go mbíonn comhaontú sonracha acu leis an Údarás ó thaobh ceadúnais.⁵ Cuireadh 57 stáisiún san iomlán san áireamh sa suirbhé. Le linn na tréimhse atá faoi chaibidil dhún East Limerick Community Radio agus tháinig Community Radio Kilkenny City ar an bhfód.

4.1 Anailís ar na sceidil

Sa chéad chuid de Chéim a Dó, rinneadh anailís ar sceidil na stáisiún faoi mar a fógraíodh iad ar na suíomhanna idirlín. Tugadh an bunachar sonraí a cuireadh le chéile faoi Chéim a hAon cothrom le dáta de réir na gcatagóirí eolais seo a leanas:

- a) cineál stáisiúin;
- b) uaireanta agus nóiméad sa tseachtain a chraoltar i nGaeilge;
- c) teideal an chláir;
- d) úsáid teanga (i nGaeilge nó go dátheangach);
- e) am craolta;
- f) eolas breise, mar shampla an bunchlár é nó clár sindeacáitithe;
- g) aschur iomlán.

¹ San áireamh ansin tá ceithre stáisiún a chraolann go hiomlán i nGaeilge, Raidió Rí-Rá (Baile Átha Cliath), Raidió Fáilte (Béal Feirste), Raidió na dTreabh (Gaillimh) agus RTÉ Raidió na Gaeltachta

² Mar shampla, na sé stáisiún dhigiteacha atá ag RTÉ: RTÉ Radio One Extra, RTÉ 2XM, RTÉ Gold, RTÉ Junior agus RTÉ Pulse.

³ Na stáisiúin DAB/ar líne amháin Radio Maria agus UCB Ireland.

⁴ Raidió Fáilte.

⁵ Ní bhaineann formhór na ndualgas faoi ábhar a leagtar ar chraoltóirí tráchtála agus pobail leis na stáisiúin institiúideacha. Féach Cuid 68 den Acht Craolacháin 2009.

4.2 Comhfhreagras le stáisiúin

Ó Aibreán go Lúnasa 2018, cuireadh litir chuig na stáisiúin uile agus iarradh orthu na chéad torthaí a fuaireamar a dheimhniú, bunaithe ar an méid a foilsíodh ar a gcuid suíomhanna idirlín agus ar an eolas a thug siad dúinn in 2017. Chuaigh na taighdeoirí i dteagmháil arís le Lisa Ní Choistealbha ó Independent Broadcasters of Ireland (IBI) agus le Martina O'Brien ó CRAOL (Fóram Raidió Pobail na hÉireann) ionas go mbeadh ionadaithe na hearnála ar an eolas faoin tionscadal roimh dóibh cuireadh a fháil le páirt a ghlacadh ann.

Sa chás nár tháinig freagra ó stáisiún tar éis coicíse, cuireadh glaoch teileafóin orthu nó seoladh teachtaireachtaí ríomhphoist chuig bainisteoirí stáisiúin. Le linn na nglaoanna sin, thug roinnt bainisteoirí eolas breise faoi chláracha ar leith a bhí acu nó faoi na dúshláin a d'aithin siad maidir le soláthar cláracha Gaeilge agus rinneadh nótaí de na comhráite sin. Leanamar orainn ag deimhniú na sonraí go dtí an Fómhar go dtí go raibh an t-eolas uile aimsithe againn. Fuaireamar ráta freagartha 100%, feabhas ar an ráta 90% ó 2017. Gabhaimid buíochas leis an IBI, le CRAOL agus leis na stáisiúin uile as a gcabhair chun ráta freagartha den scoth a chinntiú. Toisc nár chuir gach stáisiún eolas ar fáil i gCéim a hAon, ní dhéantar comparáid sa tuarascáil seo idir aschur gach stáisiún ar leith ó bhliain go chéile.

4.3 Cur i láthair an eolais

Tugadh ualú 1.0 do chláracha a tuairiscíodh a bheith go hiomlán i nGaeilge. De cheal acmhainní, níor fhéadamar éisteacht le gach clár Gaeilge a luadh linn. Má dúirt stáisiún go raibh clár 'dátheangach', cuireadh san áireamh sna huairéanta agus sna nóiméid é ach le hualú 0.5. D'fhéadfadh sé nach léiriú iomlán cruinn ar an méid Gaeilge atá sa chlár é an cur chuige seo ach creidimid gurb é an meastachán is fearr é sna cúinsí ina rabhamar ag déanamh an taighde. Cé gur tugadh cuireadh do na bainisteoirí meastachán a dhéanamh ar chéatadán na Gaeilge i gclár 'dátheangach', níor thug a bhformhór an t-eolas sin dúinn. Má dúradh nach raibh ach cúpla focal nó nath Gaeilge i gclár, níor cuireadh san áireamh é toisc nár fhéadamar a bheith cinnte cé mhéid Gaeilge go díreach a labhraíodh. Mar a chéile, cé go ndúirt formhór na stáisiún gur chraol siad ábhar breise le linn Sheachtain na Gaeilge i mí na Márta, níor cuireadh an t-eolas sin san áireamh ach an oiread toisc nach raibh sé soiléir agus toisc gurbh í aidhm an tsuirbhé eolas a bhailiú faoi sholáthar rialta seachas soláthar ócáideach. Thabharfadh taighde cáilíochtúil léargas breise dúinn ar úsáid theagmhasach nó ócáideach na Gaeilge. Rinne roinnt bainisteoirí stáisiúin gearán faoi sin nuair a foilsíodh tuarascáil Chéim a hAon, ach baineann an tionscadal seo le cláracha rialta Gaeilge seachas míreanna ócáideacha nó gearra.

4.4 An chéad chéim eile den taighde

Bhí súil againn i gCéim a Dó go n-éireodh linn agallaimh a chur ar shampla ionadaíoch de na bainisteoirí stáisiúin chun léargas níos fearr a fháil ar a dtuiscint siúd ar chláracha Gaeilge. I bhfianaise na hoibre a bhí le déanamh ar an mbunachar agus toisc go raibh acmhainní

teoranta againn, níor éirigh linn é sin a dhéanamh áfach. Tá gá le tuilleadh maoinithe chun an anailís cháilíochtúil sin a fhorbairt. Baineann céim eile den tionscadal seo le comparáid a dhéanamh idir iarratais rathúla na stáisiún ar cheadúnais agus an bealach a bhfuil ag éirí leo a gcuid aidhmeanna conartha a bhaint amach. Tá deis ann chomh maith cás-staidéir a dhéanamh ar dhea-chleachtas i gcineálacha difriúla stáisiún.

5. Torthaí

Achoimre ar phríomhthorthaí an taighde atá sa chuid seo. Féach an tábla iniata chun an t-eolas iomlán a aimsiú.⁶

5.1 Uaireanta Craolta i nGaeilge

Tá líon na n-uaireanta craolta Gaeilge nó dátheangach go seachtainiúil fós an-íseal i gcomparáid le haschur iomlán na stáisiún. Is é 03:12 uair an gnáth-aschur seachtainiúil (athchraoltaí san áireamh). Den chuid is mó, craoltar cláracha i nGaeilge lasmuigh de na buaicamannta craolta (i ndiaidh 1900, thar oíche nó luath maidin Dhomhnaigh). Mar a bhí in 2017, is iad na stáisiún óige is mó i bhfad a chraolann ábhar i nGaeilge - iRadio (34:40 uair ar an dá stáisiún atá acu san Oirthuaisceart/Lár Tíre agus san Iarthuaisceart, nó 20.5% den aschur iomlán). Mar sin féin, craoltar tromlach na n-uaireanta seo thar oíche, nuair nach mbíonn mórán daoine ag éisteacht. Má bhaintear uaireanta iRadio as an áireamh, titeann an meán-aschur go mór. Tá an líon uaireanta is airde ina dhiaidh sin ag na stáisiún Spin (9 n-uaire ar Spin Southwest, nó 5.3% dá aschur agus 04:30 uair ar Spin 103.8, nó 2.7%). Is é Wired FM (Luimneach) atá chun tosaigh san earnáil phobail le 05:30 uair nó 11.5% dá aschur, agus Flirt FM (Gaillimh) ina dhiaidh siad le 06:30 nó 6%.⁷ Is díol suntais gur stáisiún atá dírithe go príomha ar mhic léinn óga iad Wired FM agus Flirt FM.

5.2 Bunchláracha

Déanann formhór na stáisiún (50/57 nó 88%) a gcláracha Gaeilge nó dátheangacha féin as an nua, nó roinneann siad iad le stáisiún atá gaolta leo, mar shampla Spin agus iRadio; Northern Sound FM agus Shannonside FM; Classic Hits 4 FM⁸ agus Sunshine 106.8; agus stáisiún RTÉ.

⁶ Chuir an Dr John Walsh agus an Dr Rosemary Day an tuairisc seo le chéile ina dá gcuid oibre mar léachtóirí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh. Tá an obair seo beag beann agus neamhspleách ar rannpháirtíocht John Walsh i Flirt FM mar chraoltóir deonach i gcláracha nach cláracha Gaeilge iad. Mar a chéile, tá sí neamhspleách ar obair Rosemary Day ar bhord Údarás Craolacháin na hÉireann agus ar a Choiste um Chomhlíonadh. Fostaíodh an Dr Philip Fogarty mar chúntóir taighde páirtaimseartha, lonnaithe in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

⁷ Is éard is brí le haschur iomlán an líon uaireanta a bhíonn an stáisiún ar an aer. Bíonn sceideal níos teoranta ag stáisiún bheaga phobail. Mar shampla, bhí Wired FM ar an aer ar feadh 48 uair sa tseachtain agus bhí Flirt FM ar an aer ar feadh 109 uair sa tseachtain le linn thréimhse an taighde, i gcomparáid le 168 uair an chloig den chuid is mó de na stáisiún atá ag craoladh 24/7.

⁸ Athraíodh ainm an stáisiún seo go 'Classic Hits' i nDeireadh Fómhair 2018.

5.3 Athchraoladh cláracha Gaeilge

Seacht stáisiún, nó 12% den iomlán, a athchraolann cláracha ó stáisiúin sheachtracha amháin agus nach ndéanann a gcláracha Gaeilge féin (BEAT 102-103, Community Radio Youghal, Dundalk FM, Liffey Sound FM, Phoenix FM, Raidió Corca Baiscinn, Ros FM). San áireamh anseo tá sé stáisiún pobail a bhraitheann go hiomlán ar ábhar ó Raidió na Life i mBaile Átha Cliath⁹ agus an stáisiún réigiúnach óige BEAT 102-103 a athchraolann clár ón ngrúpa Spin. Cuireann na stáisiúin phobail Dublin South FM, Flirt FM agus Wired FM lena gcláracha féin le hábhar ó Raidió na Life (féach Tábla). Seachas feacháin nuachta i nGaeilge, níl in aschur RTÉ Radio One ach ábhar athphacáistithe ó RTÉ Raidió na Gaeltachta (féach tábla).

5.4 Gan aon chlár Gaeilge

Fuair taighde Chéim a hAon amach go raibh líon beag stáisiún ann nach raibh ag craoladh aon Ghaeilge in aon chor ina a gcuid sceideal. In 2018 áfach, d'fhreagair gach stáisiún le rá go raibh roinnt Gaeilge acu, cé go raibh sí sin an-teoranta i gcásanna áirithe. Mar sin féin, tá roinnt stáisiún ag tabhairt aghaidh anois ar an easpa seirbhíse a bhí acu roimhe seo.

5.5 Giotáí Gaeilge

Níl aon chlár Gaeilge ná dátheangach ar leith ag ceithre stáisiún tráchtála (98FM, C103, Cork's 96FM agus Q102) agus ní chraolann siad ach giotáí beaga i nGaeilge nó go dátheangach trí nó ceithre bhabhta sa ló. Maireann na giotáí seo idir 60 agus 90 soicind ar an méan rud a chiallaíonn go mbíonn níos lú ná leathuair an chloig Gaeilge le cloisteáil in aghaidh na seachtaine ar na stáisiúin sin. Craolann Today FM giotáí beaga Gaeilge freisin agus ní chraolann sé cláracha iomlána Gaeilge ach ar feadh dhá uair an chloig ar laethanta saoire bainc (5-6 lá sa bhliain). Fágann sé seo go bhfuil 8.8% (5/57) de na stáisiúin uile sa tír a chraolann giotáí beaga Gaeilge amháin nó go príomha.

Seacht stáisiún tráchtála a chraolann giotáí beaga Gaeilge chomh maith le cláracha iomlána Gaeilge (Classic Hits 4FM, BEAT 102-103, East Coast FM, Limerick's Live 95FM, LMFM, Tipp FM agus Red FM). Roinntear na giotáí seo idir stáisiúin amannta.

5.6 Contaetha Gaeltachta

Tá ceantair Ghaeltachta i seacht gcontae in Éirinn (Corcaigh, Ciarraí, Gaillimh, Maigh Eo, Dún na nGall, An Mhí agus Port Láirge) agus déanann meascán de stáisiúin áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta freastal orthu.

⁹ Den chuid is mó 'Scoth na Seachtaine', cnuasach seachaintiúil ó Raidió na Life de na giotáí is fearr ón stáisiún sin le seachtain anuas.

- a) *Corcaigh*: Ní chraolann C103 ná 96FM i gCorcaigh cláracha iomlána Gaeilge. Craolann Red FM 01:14 uair an chloig (faoi bhun 1%). Craolann Spin Southwest (a chlúdaíonn Gaeltacht Chorcaí) 9 n-uair an chloig go seachtainiúil (5.3%).
- b) *Ciarraí*: Craolann Radio Kerry 3 uaire an chloig i nGaeilge gach seachtain (timpeall 2%). Clúdaíonn Spin Southwest (féach thuas) Gaeltacht Chiarraí chomh maith.
- c) *Gaillimh*: Craolann Galway Bay FM 02:45 uair an chloig go seachtainiúil (beagán níos mó ná 1.5%). Tá an daonra Gaeltachta is mó in Éirinn lonnaithe i nGaillimh. Cuireann an stáisiún réigiúnach iRadio céatadán ard cláracha Gaeilge ar fáil (féach 5.1 thuas). Cuireann Connemara Community Radio, a bhfuil cuid dá cheantar saincheadúnais sa Ghaeltacht, 02:25 uair an chloig ar fáil (timpeall 3.5%).
- d) *Maigh Eo*: Craolann Midwest Radio 03:15 uair an chloig i nGaeilge gach seachtain (timpeall 2%). Freastalaíonn iRadio Northwest ar Mhaigh Eo chomh maith.
- e) *Dún na nGall*: Craolann Highland Radio 03:35 uair in aghaidh na seachtaine trí Ghaeilge (timpeall 2%). Tá Gaeltacht mhór i nDún na nGall. Freastalaíonn Ocean FM ar Dhún na nGall theas agus soláthraíonn siad leathuair an chloig in aghaidh na seachtaine (timpeall 0.25%). Craolann iRadio Northwest i nDún na nGall chomh maith.
- f) *An Mhí*: Tá Gaeltacht na Mí laistigh de cheantar saincheadúnais LMFm a chraolann 02:43 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, beagán níos mó ná 1.5% den aschur uile. Freastalaíonn an stáisiún réigiúnach iRadio (Lár Tíre agus Oirthuaisceart) ar Chontae na Mí chomh maith agus tá céatadán ard Gaeilge aige (féach thuas).
- g) *Port Láirge*: Craolann an stáisiún áitiúil WLR leathuair an chloig in aghaidh na seachtaine (timpeall 0.25%). Craolann an stáisiún réigiúnach BEAT 102-103 04:35 uair de chláracha Gaeilge in aghaidh na seachtaine (2.7%).

Is díol suntais é an easpa choibhneasta cláracha Gaeilge ar na stáisiúin tráchtála a fhreastalaíonn ar an nGaeltacht i bhfianaise an líon mór éisteoirí atá acu, faoi mar a léiríonn suirbhé i ndiaidh suirbhé de chuig an JNLR.

5.7 An Ghaeilge ar stáisiúin raidió RTÉ

In ainneoin go bhfuil cuid mhór forálacha reachtúla ann a bhaineann le húsáid na Gaeilge ar RTÉ, tá aschur an-íseal ar a gcuid seirbhísí raidió cé is moite de RTÉ Raidió na Gaeltachta. Tá timpeall 02:30 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar RTÉ Radio One, 01:45 ar RTÉ 2fm agus gan ach 15 nóiméad ar RTÉ lyric fm. Tá níos mó Gaeilge le cloisteáil ar chuid de na stáisiúin tráchtála agus pobail.

5.8 Stíl na gcláracha agus na ngiotaí Gaeilge

De cheal acmhainní, ní raibh deis againn monatóireacht a dhéanamh ach ar fhíorbheagán de chláracha Gaeilge na stáisiún. Mar sin féin, tugann teideal na gcláracha leid dúinn maidir leis an ábhar agus an stíl, mar shampla *Ceol agus Caint*, *Craic agus Ceol*, *Craic an Lae* agus *Aon Chraic*? Tugann siad seo le fios go mbreathnaítear ar chláracha/giotaí Gaeilge mar ábhar

éadrom agus mar shiamsaíocht. Ceanglaítear cláracha eile Gaeilge go dlúth le ceol traidisiúnta. Tá eisceachtaí le fáil sna stáisiúin óige a chuireann naisc ghairide Ghaeilge idir traiceanna ceoil comhaimseartha, díreach mar a dhéanann siad sna cláracha Béarla atá acu. Cé go bhfuil líon beag samplaí de chláracha irise ar fáil ar sceidil na stáisiún (mar shampla *Ar Muin na Muice* ar NEAR FM, *Splanc* ar Newstalk agus *Caint Chiarraí* ar Radio Kerry), níor fhéadamar aon chlár cúrsaí reatha i nGaeilge a aithint go cinnte. Tugann sé seo le tuiscint go ndíríonn na stáisiúin na cláracha/giotaí Gaeilge ar dhaoine a bhfuil roinnt Gaeilge acu ó laethanta na scoile nó go bhféachann siad uirthi mar riachtanas a bhaineann le dualgais theibí an cheadúnais. Is gá breis taighde a dhéanamh chun a fháil amach cén chuid den aschur atá dírithe ar chainteoirí Gaeilge seachas ar mhuintir na tíre i gcoitinne nach bhfuil ach beagán Gaeilge acu (féach moltaí polasaí ag 6.2 thíos).

5.9 Seirbhís nuachta Gaeilge

Is féidir breathnú ar fheasacháin rialta nuachta mar sheirbhís bhunúsach in aon stáisiún raidió, ceann a bhfuil ardstádas aici i sceideal an stáisiúin. Craolann RTÉ feasacháin laethúla Gaeilge ar RTÉ Radio One agus ar RTÉ lyric fm seacht lá sa tseachtain agus ó Luan go hAoine ar RTÉ 2fm. Níl nuacht laethúil i nGaeilge ar fáil ar aon stáisiún tráchtála ná pobail, cé nach raibh an scéal amhlaidh i gcónaí.¹⁰ Cuireann Highland Radio i nDún na nGall nuacht i nGaeilge ar fáil uair sa tseachtain. Tá an tseirbhís nuachta a bhíodh ar fáil ar an Satharn ar Liffey Sound i mBaile Átha Cliath ar iarraidh ó 2017.

5.10 Eolas ar líne

Is annamh a chuireann stáisiúin sonraí beachta faoin nGaeilge ar líne agus ní bhíonn eolas faoi chláracha Gaeilge ar fáil go seasmhach ar shuíomhanna idirlín. Sna cásanna go gcráoltar giotaí beaga i nGaeilge, ní fhógraítear iad sin ar líne. Mar sin, níorbh fhéidir linn dul i muinín suíomhanna idirlín mar fhoinsé iontaoifa eolais. Bíonn botúin le fáil go minic ar na suíomhanna idirlín i dteidil na gcláracha, in ainmneacha na láithreoirí agus in eolas bunúsach eile ach tá siad sin ceartaithe againn sa tábla iniata.

6. Conclúidí agus moltaí polasaí

6.1 Conclúidí

Tríocha bliain i ndiaidh do na stáisiúin raidió neamhspleácha a theacht ar an aer go dleathach, tá an Ghaeilge fós ina teanga imeallach ar na stáisiúin uile, (cé is moite de na cinn lán-Ghaeilge). Tá seo amhlaidh in ainneoin na reachtaíochta a leagann dualgas ar gach stáisiún an Ghaeilge a bheith mar chuid den sceideal. Ar an mórchuid, craolann stáisiúin raidió leibhéal íosta Gaeilge, lasmuigh de bhuaicamannta craolta go hiondúil. Is cúis

¹⁰ Bhíodh príomhscéalta na nuachta le fáil ar an stáisiún tráchtála naisiúnta Today FM tráth. Chraoladh an chéad tseirbhís náisiúnta neamhspleách Century Radio (1989-1991) ceannlínte nuachta i nGaeilge ceithre uaire sa ló agus d'athchraoltaí ar go leor stáisiún áitiúil iad.

bhuartha é an easpa cláracha Gaeilge le linn buaicamannta craolta mar is ionann é agus imeallú na teanga go dtí na hamannta is lú a mbíonn daoine ag éisteacht. Cé gurb iad na stáisiúin óige tráchtála is mó atá ag craoladh i nGaeilge, is ar cheol atá a dtromlach bunaithe le naisc ghairide Gaeilge idir amhráin.

Seachas RTÉ, ní chraolann aon stáisiún seirbhís nuachta laethúil i nGaeilge agus tá an chuma ar go leor den ábhar go bhfuil sé mar aidhm aige teagmháil shóisialta a chothú leis an nGaeilge (“Bainimis spraoi as an Ghaeilge!”) nó go mbaineann sé le steiréitíopaí cultúrtha (ceol traidisiúnta). Cé go gcruthaíonn tromlach na stáisiún a n-ábhar féin, tá roinnt mhaith stáisiún pobail ann nach ndéanann aon rud seachas cláracha a athchraoladh ó Raidió na Life. Tuigimid na laincisí atá ar stáisiúin mar seo, ach fiafraímid an bhfuil cur chuige mar seo ag teacht le haidhmeanna na reachtaíochta nó go deimhin lena n-aidhmeanna agus a n-éiteas féin, is é sin chun cláracha ábhartha a chur ar fail do na pobail éagsúla a ndéanann siad freastal orthu?

Tá an reachtaíocht lag agus neamhbheacht maidir leis an nGaeilge. Ní leagann sí síos spriocanna nó céatadáin chinnte faoin aschur Gaeilge faoi mar a dhéanann sí, mar shampla, i gcás na bhforálacha mionsonraithe faoi nuacht agus cúrsaí reatha. Ina áit sin, caithfidh an coiste cuí de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, an Coiste um Dheonú Conartha, ‘aird’ a thabhairt ar an nGaeilge nuair a bhíonn cinneadh a dhéanamh aige faoi cheadúnas a bhronnadh. Fágann sé seo go bhfuil seans ann nach mbeidh ach fíorbheagán Gaeilge á thairiscint ag na stáisiúin nuair a chuireann siad isteach ar cheadúnas agus go nglacfaidh an tÚdarás Craolacháin leis sin nuair a bhíonn an Conradh á phlé. Bíonn an Coiste um Comhlíonadh ag plé go príomha le sárú rialachán a thagann os a chomhair toisc gearáin a bheith déanta ag éisteoirí. De bharr easpa acmhainní, ní bhíonn monatóireacht fheidhmeannas an Údaráis Craolacháin ar aschur na stáisiúin an-ghrinn agus níl an chuma ar an scéal go dtugann sí tús áite d’úsáid na Gaeilge ar an aer.

Tá na forálacha a bhaineann le stáisiúin atá ag craoladh i gceantair Ghaeltachta níos déine, mar is gá don Choiste um Dheonú Conarthaí ‘aird ar leith [a bheith] aige ar bhuanú agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha’. D’fhéadfaí impleachtaí móra a bheith aige seo do na stáisiúin ach léiríonn an suirbhé nach bhfuil an dualgas seo á chomhlíonadh ag formhór na stáisiún a bhfuil Gaeltacht ina gceantar saincheadúnais. Mura bhfuil ach giotaí beaga Gaeilge á gcráoladh ag stáisiún, is deacair an cás a dhéanamh go bhfuil siad ag cur na Gaeilge chun cinn mar theanga labhartha sa Ghaeltacht.

Tá áit ar an raidió do chláracha ceoil le naisc i nGaeilge, mar atá á soláthar ag stáisiúin iRadio agus Spin, agus d’fhéadfadh sé go meallann siad seo lucht éisteachta óg i dtreo na Gaeilge. Mar sin féin, níl an cur chuige sin ag teacht le riachtanais chumarsáide uile na gcainteoirí Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

Cé go dteastaíonn tuilleadh taighde ar an ábhar seo uile, is é an tuairim choinníollach atá againn go dtuigeann stáisiúin an riachtanas teanga mar riachtanas chun méid íosta Gaeilge a

chraoladh agus é sin a bheith dírithe ar éisteoirí a bhfuil cur amach fulangach acu ar an teanga ó laethanta na scoile, ní ar chainteoirí líofa, gníomhacha Gaeilge. Léiríonn sé sin dinimic shóisialta níos leithne a thugann aitheantas siombalach don Ghaeilge seachas í a chur chun cinn go gníomhach mar theanga labhartha. Tá géarghá le breis taighde cáilíochtúil a dhéanamh ní amháin le caighdeán an tsoláthair Gaeilge a thomhais ach le frámaíocht a dhearadh chun an soláthar seo a mheas sa todhchaí. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh tionscadal cáilíochtúil taighde dá leithéid tuiscint agus dearcadh lucht bainistíochta na stáisiúin agus na gcraoltóirí féin i leith cláracha Gaeilge a fhiosrú chomh maith.

6.2 Moltaí

Tá na moltaí a rinneamar in 2017 le fáil anseo don chuid is mó, le roinnt leasuithe bunaithe ar a bhfuaireamar amach i gCéim a Dó den taighde. Ní chreidimid gur féidir tabhairt faoin easpa Gaeilge ar sceidil raidió na tíre gan glacadh leis an oiread agus is féidir de na moltaí seo a leanas:

Do na reachtóirí

- Iarraimid arís go neartófar na forálacha cuí san Acht Craolacháin 2009 chun gur féidir leis an Udarás Craolacháin polasaí Gaeilge níos réamhghníomhaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt leis na stáisiúin raidió.
- Molaimid go ndéanfar leasú ar Alt 66 (2) (d) den Acht le deimhin a dhéanamh de go mbeidh soláthar Gaeilge níos mó ar fáil ó gach uile stáisiún.
- Iarraimid go leasófar Alt 66 (3) den Acht le go neartófar na dualgais ar stáisiúin a chraolann i gceantair Ghaeltachta.
- Léirigh baill den Chomhchoiste Oireachtais ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht an mhian go ndéanfaí na forálacha reachtúla i leith na Gaeilge i bhfad níos pointeáilte. Aontaímid leo.

Don rialtóir

- Fáiltímid roimh na tagairtí don Ghaeilge sa *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin* de chuid ÚCÉ agus an gealltanais le Plean Gnímh don Ghaeilge a fhorbairt. Áitimid gur gá é seo a dhéanamh go práinneach chun polasaí níos réamhghníomhaí i leith na Gaeilge a fhorbairt.
- Toisc gur luaigh go leor stáisiún linn go mbíonn frustrachas orthu faoin easpa tacaíochta comhordaithe do chláracha Gaeilge, molaimid go mbunódh an t-Udarás Craolacháin a Choiste Comhairleach Gaeilge an athuair agus go bhfostóidís Oifigeach Forbartha Gaeilge arís. Theastódh na hacmhainní cuí uathu chun:
 - (a) Tuiscint agus feasacht faoin Ghaeilge a chur chun cinn sa earnáil;
 - (b) Polasaí réamhghníomhach Gaeilge a fhorbairt agus a chur i gcrích i bpáirt le gach craoltóir.

- Ba chóir go gcothódh an tacaíocht thuas níos mó tuisceana ar na cineálacha éisteacha atá ann a bhfuil cláracha Gaeilge le freastal orthu. Ónár dtaithí féin ar phobal na Gaeilge, is gá díriú ar dhá ghrúpa faoi leith:
 - (a) Iad siúd a labhraíonn Gaeilge go líofa agus go rialta, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht;
 - (b) Iad siúd a bhfuil roinnt Gaeilge acu, atá fabhrach don teanga agus ar mhaith leo breis Gaeilge a chlosteáil ar a stáisiún raidió féin.
- Tá baol ann faoi láthair go dtiteann an soláthar cláracha Gaeilge idir dhá stól agus nach ndéantar freastal cuí ar cheachtar den dá ghrúpa. Chuige sin, is fiú breathnú ar pholasaí úr ‘twin-pole’ TG4 ina bhfuil ‘croílucht féachana’ agus ‘lucht féachana náisiúnta’. Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí sin cláracha atá bunaithe go láidir ar an nGaeilge a chur ar fáil do chroíphobal ina bhfuil cainteoirí líofa Gaeilge agus cláracha ceoil, spóirt agus Béarla a dhíriú ar dhream níos mó a bhfuil roinnt Gaeilge acu agus suim acu inti (Esslemont, 2017; féach chomh maith Ó Gairbhí, 2018b).
- Is den riachtanas é in aon pholasaí úr go gcuirfí le soláthar na gcláracha Gaeilge do dhaoine óga. Is féidir tabhairt faoi sin i gcomhpháirt leis na stáisiúin óige, cuid mhaith acu a chraolann go leor Gaeilge cheana féin i gcomparáid leis na stáisiúin eile.
 - Molaimid go gcuirfí an Ghaeilge san áireamh i ngach athbhreithniú rialta a dhéanann an tÚdarás Craolacháin ar stáisiúin.

Do na stáisiúin

- Molaimid go n-oibreodh gach stáisiún i dtreo cláracha Gaeilge dá gcuid féin a dhéanamh a bheadh ábhartha dá n-éisteacha féin. Ba chóir do na stáisiúin níos mó Gaeilge a chraoladh de réir a chéile le linn buaicamanta craolta.
- Ba chóir go gcuirfeadh stáisiúin le limistéir Ghaeltachta ina gceantair shaincheadúnais i bhfad níos mó cláracha Gaeilge ar fáil ná mar a chuireann stáisiúin eile. Is féidir deimhin a dhéanamh de seo má chuirtear cuóta sa reachtaíocht do na stáisiúin seo. Mar aitheantas dá ngealltanais reatha sna conarthaí, ba chóir do na stáisiúin aghaidh a thabhairt ar an easnamh seo ina sceidil.
- Ba chóir do na stáisiúin óige leanúint orthu ag forbairt cláracha Gaeilge, toisc go bhfuil ról tábhachtach acu chun tacú le cainteoirí na teanga amach anseo agus chun iad a chumasú in úsáid na Gaeilge.

D’eagraíochtaí agus do phobal na Gaeilge

- Ba chóir do na heagraíochtaí Gaeilge dul ag stocaireacht go réamhghníomhach le lucht déanta dlíthe agus leis an rialtóir chun soláthar Gaeilge níos fearr a bhaint amach ar na meáin trí chéile. Brú ón bpobal, faoi stiúir ag gníomhairí teanga, ba chúis le bunú RTÉ Raidió na Gaeltachta in 1972, Raidió na Life in 1993 agus TG4 in 1996. Iarraimid ar na heagraíochtaí Gaeilge cuí ceannasaíocht a léiriú agus a bheith réamhghníomhach ina gcuid stocaireachta chun níos mó cláracha Gaeilge a fháil.

- Tá ceart reachtúil ag éisteoirí raidió gearán a dhéanamh faoi aon ghné den soláthar nach dóigh leo a chloíonn leis an reachtaíocht agus tá dualgas ar gach stáisiún córas a bheith i bhfeidhm chun glacadh leis an ngearán. Cé go dtuigimid nach mbíonn ach mionlach beag sásta gearán a chur isteach faoi aon rud, meabhraímid do na héisteoirí atá míshásta leis an aschur Gaeilge go bhfuil a leithéid de dheis ar fáil dóibh.
- Ag tarraingt dúinn ar spiorad an chomhoibrithe leis na stáisiúin atá ag déanamh iarrachtaí suntasacha leis an nGaeilge, iarraidimid ar éisteoirí moladh a thabhairt do na cláracha Gaeilge sin má tá a leithéid tuillte acu. In ainneoin go bhfuil an Ghaeilge ar imeall na sceideal ag an bhformhór, tá samplaí le fáil ar roinnt stáisiún de chláracha nuálacha, ardchaighdeáin. Ba cheart do phobal na Gaeilge dul i dteagmháil leis na stáisiúin sin chun a léiriú dóibh go ngineann ábhar mar seo éisteoirí agus chun iad a spreagadh chun breis ábhair i nGaeilge a chur ar fáil. Tá deis ann roinnt de na bearnaí sa soláthar Gaeilge a líonadh trí pháirtnéireachtaí idir na stáisiúin agus eagraíochtaí Gaeilge, rud nach bhfuil gan fasach (Walsh, 2018a) agus rud a d'fhéadfadh fáinne óir cláracha Gaeilge a chothú dá n-éireadh leis. D'fhéadfadh i bhfad níos mó éisteoirí aiseolas agus spreagadh a thabhairt do na láithreoirí, léiritheoirí agus bainisteoirí stáisiún trí na meáin shóisialta.

Is tionscnamh fadaimseartha taighde é seo agus cuireann an tuarascáil seo roinnt de na torthaí a d'aimsíomar i gCéimeanna a hAon agus a Dó os comhair an phobail. Cé go bhfuil roinnt comharthaí dóchais le feiceáil ó bhliain go chéile, teastaíonn níos mó dul chun cinn i réimsí éagsúla chun soláthar Gaeilge le dealramh a bhaint amach: ó na reachtóirí, ón rialtóir, ó na stáisiúin agus ó na héisteoirí féin.

Tagairtí

Baker, N., 2018. 'Irish-language content on radio is negligible, says report'. *The Irish Examiner*, Eanáir 12. Ar fáil ag: <https://www.irishexaminer.com/ireland/irish-language-content-on-radio-is-negligible-says-report-465633.html>.

Cantillon, 2018. 'Fuzzy radio rules do Irish speakers no favours'. *The Irish Times*, 11 Eanáir. Ar fáil ag: <https://www.irishtimes.com/business/media-and-marketing/fuzzy-radio-rules-do-irish-speakers-no-favours-1.3356564>.

Day, R., 2012. 'Voice of a nation: the development of radio and Ireland'. In: Hand, R. & Traynor, M. (eds.) *Radio in Small Nations: Production, Programmes, Audiences*. Cardiff: University of Wales Press, 27-39.

Day, R., 2013. 'Radio and the Irish Language'. In: Howley, K. (ed.) *Media Interventions*. New York: Peter Lang, 210-224.

Day, R., 2018. Agallamh, *Northside Today*, NEAR FM, 26 Eanáir.

McGee, H., 2018. 'RTÉ's use of Irish as infrequent as most of its commercial rivals – report'. *The Irish Times*, 2 Bealtaine. Ar fáil ag: <https://www.irishtimes.com/news/politics/rt%C3%A9-s-use-of-irish-as-infrequent-as-most-of-its-commercial-rivals-report-1.3481327>.

Esslemont, A., 2017. Cumarsáid phearsanta le Alan Esslemont, Ard-Stiúrthóir TG4. 7 Meán Fómhair.

Ó Drisceoil, F., 2007. 'Raidió na Life: Raidió na Réabhlóide'. In Day, R. (ed.) *Bicycle Highway: Celebrating Community in Ireland*. Dublin: The Liffey Press, 173-178.

Ó Gairbhí, S.T., 2018a. 'Ról imeallach ag an nGaeilge ar stáisiúin raidió in ainneoin dualgais reachtuil – taighde nua'. Tuairisc.ie, 11 Eanáir. Ar fáil ag: <https://tuairisc.ie/rol-imeallach-ag-an-ngaeilge-ar-staisiuin-raidio-in-ainneoin-dualgais-reachtuil-taighde-nua/>.

Ó Gairbhí, S.T., 2018b. *Súil Eile*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Oireachtas Éireann, 2009. An tAcht Craolacháin (Uimh. 18 de 2009). Ar fáil ag: www.achtanna.ie.

Oireachtas Éireann, 2018a. 'Irish language committee continues hearings on the use of Irish on radio'. Preasráiteas ó Thithe an Oireachtais, 28 Bealtaine. Ar fáil ag: <https://www.oireachtas.ie/en/press-centre/press-releases/20180528-irish-language-committee-continues-hearings-on-the-use-of-irish-on-radio/>.

Oireachtas Éireann, 2018b. 'Coiste na Gaeilge chun úsáid na Gaeilge ar an raidió a phlé'. Preasráiteas ó Thithe an Oireachtais, 30 Aibreán. Ar fáil ag: <https://www.oireachtas.ie/ga/press-centre/press-releases/20180430-coiste-na-gaeilge-chun-usaid-na-gaeilge-ar-an-raidio-a-phle/>.

Pine, R., 2002. *2RN and the Origins of Irish Radio*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.

Raidió Teilifís Éireann, 2015. *Meáin Ghaeilge RTÉ/Action Plan 2015-2019*. Baile Átha Cliath: RTÉ. Ar fáil ag: <https://static.rasset.ie/documents/about/18286-rte-meaingaeilge-actionplan-eng-v4-screen.pdf>.

Údarás Craolacháin na hÉireann [ÚCÉ], 2009. *BCI Policy on Community Radio Broadcasting*. Baile Átha Cliath: ÚCÉ.¹¹ Níl fáil ar an gcáipéis seo níos mó ag www.bai.ie.

Údarás Craolacháin na hÉireann [ÚCÉ], 2017. *Ráiteas Straitéise 2017-19*. Baile Átha Cliath: ÚCÉ. Ar fáil ag: <http://www.bai.ie/ga/maidir-linne/raiteas-strateise/>.

Údarás Craolacháin na hÉireann [ÚCÉ], 2018a. *Comhchomhairliúchán maidir le Dréacht-Straitéis BAI um Sheirbhísí Craolacháin & Bearta Rialála Ceadúnúcháin*. Baile Átha Cliath: ÚCÉ. Ar fáil ag: <https://www.bai.ie/ga/an-straiteis-um-sheirbhisi-craolachain-foilsithe-ag-udaras-craolachain-na-heireann/>

Údarás Craolacháin na hÉireann [ÚCÉ], 2018b. *Dréachtstraitéis ar Sheirbhísí Craolacháin*. Baile Átha Cliath, ÚCÉ. Ar fáil ag: <http://www.bai.ie/ga/consultations/drechtstraiteis-um-sheirbhisi-craolachain/>.

Údarás Craolacháin na hÉireann [ÚCÉ], 2018c. *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin*. Baile Átha Cliath: ÚCÉ. Ar fáil ag: <https://www.bai.ie/ga/consultations/drechtstraiteis-um-sheirbhisi-craolachain/>

Walsh, J. & Day, R., 2018a. Agallamh, *Adhmhaidin*, RTÉ Raidió na Gaeltachta, 1 Bealtaine.

Walsh, J. & Day, R., 2018b. *Research on use of the Irish language on radio (January 2018)*. Gaillimh & Luimneach: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh & Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh. Ar fáil ag: <https://audioresearchcentre.wordpress.com/research/>.

Walsh, J., 2018a. 'An Gael agus an Raidió'. *Comhar*, 78 (9): 12-17. Ar fáil ag: <https://comhar.ie/iris/78/9/an-gael-agus-an-raidio/>.

Walsh, J., 2018b. Agallamh, *Adhmhaidin*, RTÉ Raidió na Gaeltachta, 11 Eanáir.

Walsh, J., 2018c. Agallamh, *Blas*, BBC Radio Ulster, 6 Feabhra.

Walsh, J., 2018d. Agallamh, *Nuacht*, RTÉ agus TG4, 11 Eanáir.

Watson, I., 2003. *Broadcasting in Irish: Minority Language, Radio, Television and Identity*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.

¹¹ Rinneadh Údarás Craolacháin na hÉireann de Choimisiún Craolacháin na hÉireann in 2009. D'fhoilsigh an tÚdarás an cháipéis seo mar pholasáí eatramhach in 2009 go dtí go ndéanfaí athbhreithniú air agus sin is cúis leis an tagairt do 'BCI' ann.